Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**9807/1/26 REV 1 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0240 (COD)**

**COH 94**
**SOC 294**
**AGRI 428**
**AGRIFIN 104**
**PECHE 208**
**FIN 759**
**JAI 674**
**SAN 356**
**CODEC 1038**
**CADREFIN 248**
**POLGEN 139**
**IA 142**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 (an Rialachán maidir le pleananna CNR)<br>- Cur chuige ginearálta páirteach<br>*= Ráiteas ón tSualainn* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an ráiteas ón tSualainn atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle.

## RÁITEAS ÓN tSUALAINN

**i ndáil le hIarscríbhinn VI sa Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 (an Rialachán maidir le pleananna CNR)**

Is díol sásaimh don tSualainn an nasc láidir atá déanta leis an seimeastar Eorpach agus leis na moltaí tírshonracha sa chuid seo den Rialachán. Is féidir leis an tSualainn glacadh leis an gcur chuige ginearálta páirteach, ach coinnímid ár n-agóidí i ndáil leis an bhfoclaíocht in IARSCRÍBHINN VI pointe b). Tuigeann an tSualainn ón bhfocal 'áireamh' go bhféadfar cistí a shannadh chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábhartha, trí bhia agus/nó trí chúnamh ábhartha bunúsach a thabhairt do na daoine is díothaí ach gur féidir aghaidh a thabhairt ar an díth ábhartha sin freisin le bearta tionlacain.